



2023/2795

14.12.2023

CINNEADH (AE) 2023/2795 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 4 Nollaig 2023

Iena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/1982 maidir le húsáid sheirbhísí Chóras Eorpach na mBanc Ceannais ag údaráis inniúla agus ag údaráis chomhoibritheach (BCE/2022/29) (ECB/2023/29)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe, Airteagal 127 agus Airteagal 132(1) de,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12.1 i gcomhar le hAirteagail 3.1 agus 12.3, agus Airteagal 34 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Chinneadh (AE) 2022/1982 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/34) ⁽¹⁾, féadfaidh údaráis inniúla úsáid a bhaint as sheirbhísí Chórais Eorpach na mBanc Ceannais (CEBC) chun críche comhoibriú le CEBC agus le chéile chun a gcúraimí a dhéanamh laistigh den Sásra Maoirseachta Aonair (SAM), arna bhunú de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Cuirtear seirbhísí CEBC ar fáil do bhainc cheannais CEBC chun tacú le comhlíonadh a gcúraimí. Déanann banc ceannais CEBC amháin nó níos mó seirbhísí CEBC a fhorbairt, a reáchtáil agus a chothabháil agus is é Coiste Staidrimh an CEBC a stiúirann iad. Chun feidhmiú rianúil, éifeachtach agus comhsheasmhach SAM a áirithiú, ba cheart a áireamh sna socruithe praiticiúla don chomhar idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) laistigh de SAM socruithe maidir le húsáid seirbhísí áirithe staidrimh CEBC ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta sin chun a gcúraimí a chur i gcrích faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013. Dá bhrí sin, ba cheart an liosta de sheirbhísí CEBC atá le cur ar fáil d'údaráis inniúla agus d'údaráis chomhoibritheacha a leathnú chun AnaCredit, an Bunachar Sonraí Urrús Láraithe (Centralised Securities Database, CSDB), Bunachar Sonraí Chlár na nInstitiúidí agus na gCleamhnaithe (Register of Institutions and Affiliates Database, RIAD), agus an Bunachar Sonraí Staitisticí i ndáil le Sealbhaíocht Urrús (Securities Holdings Statistics Database, SHSDB) a chur san áireamh.
- (3) Rannchuideoidh na húdaráis inniúla a úsáideann seirbhísí CEBC leis na costais a bhaineann le seirbhísí CEBC a fhorbairt agus a oibriú de réir creata aisiocaíochta sainithe bunaithe ar eochair leithdháilte costas. I bhfianaise an ualaigh shuntasaigh riaracháin a bhaineann le haisiocaíocht na n-údarás inniúil le haghaidh costais roimhe seo a ríomh, go háirithe, níor cheart ceangal a bheith ar na húdaráis inniúla a úsáideann SHSDB nó BLU ach ranníocaíocht a dhéanamh leis na costais a bhaineann le seirbhís CEBC faoi seach a fhorbairt agus a oibriú a thiocfaidh chun cinn an 1 Iúil 2023 nó ina dhiaidh sin do SHSDB agus an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin i gcás CSDB. Ba cheart, dá bhrí sin, na socruithe airgeadais atá ann cheana a shonrú tuilleadh.
- (4) Féadfaidh próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist le húsáid seirbhísí CEBC. Féadfaidh na hoibríochtaí próiseála sonraí a bhaineann le seirbhísí éagsúla CEBC a bheith éagsúil agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh cáilíochtaí éagsúla de chuid na n-eintiteas a bhfuil baint acu le próiseáil den sórt sin a bheith ag teastáil uathu. Ba cheart Cinneadh (AE) 2022/1982 (BCE/2022/34) a leasú chun na cáilíochtaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag an rialaitheoir ó thaobh na cosanta sonraí de a chheadú.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2022/1982 (BCE/2022/34) a leasú dá réir sin,

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2022/1982 ón mBanc Ceannais Eorpach an 10 Deireadh Fómhair 2022 maidir le húsáid sheirbhísí Chóras Eorpach na mBanc Ceannais ag údaráis inniúla agus ag údaráis chomhoibritheacha, agus lena leasaítear Cinneadh BCE/2013/1 (BCE/2022/34) (IO L 272, 20.10.2022, lch. 29).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le bearta a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Cinneadh 2022/1982 (BCE/2022/34) mar a leanas:

1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘Airteagal 4

Socruithe airgeadais

1. Íocfaidh na bainc cheannais rannpháirteacha agus na húdaráis inniúla rannpháirteacha na costais a bhaineann le seirbhís CEBC faoi seach a fhorbairt agus a oibriú de réir creat aisíocaíochta sainithe, atá bunaithe ar eochair leithdháilte costas, mar a shonraítear a thuilleadh sna clúdaigh airgeadais faoi seach de réir na rialacha aisíocaíochta is infheidhme. I gcás inarb ábhartha, rannchuideoidh údaráis chomhoibríocha le costais na seirbhíse faoi seach de chuid CEBC de réir creat aisíocaíochta ar leith.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar údaráis inniúla a bhaineann úsáid as an mBunachar Sonraí Lárnaithe Um Urrús (Centralised Securities Database, CSDB) agus/nó as an mBunachar Sonraí Staitisticí i ndáil le Sealbhaíocht Urrús (Securities Holdings Statistics Database, SHSDB) ranníocaíocht a dhéanamh i leith na gcostas a bhaineann le forbairt agus oibriú an BLUC agus/nó an SHSDB, de réir mar is infheidhme, i gcás ina dtabhófar na costais sin roimh an 1 Iúil 2023 le haghaidh SHSDB agus roimh an 1 Eanáir 2024 i gcás CSDB, faoi seach.’;

2) Cuirtear an larscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad larscríbhinn I;

3) Leasaítear larscríbhinn II i gcomhréir leis an larscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 4 Nollaig 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I de Chinneadh (AE) 2022/1982 (BCE/2022/34):

*IARSCRÍBHINN I***Seirbhísí CEBC le cur ar fáil d'údaráis inniúla agus d'údaráis chomhoibríocha**

- AnaCredit (AnaCredit)
 - Centralised Securities Database (CSDB)
 - CoreNet
 - Enterprise Service Bus (ESB)
 - ESCB Public Key Infrastructure (ESCB PKI)
 - ESCB Teleconference System
 - ESCB Performing Survey Initiative LimeSurvey-based Solution (EPSILON)
 - ENTM modelling tool and repository (ENTM)
 - Identity and Access Management Service (IAM)
 - Register of Institutions and Affiliates Database (RIAD)
 - Secure ESCB Email (SEE)
 - Securities Holdings Statistics Database (SHSDB).
-

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn II de Chinneadh (AE) 2022/1982 (BCE/2022/34), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (10):

‘(10) Sa chás ina mbaineann úsáid na seirbhíse CEBC le sonraí pearsanta a phróiseáil ag an údarás inniúil, ní mór don údarás inniúil an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh.’.
